Irish Language Courses
Cúrsaí Gaeilge

- Evening classes
- Intensive courses
- E-learning
- Courses for teachers
- Public Sector training
- Dublin, Cork and throughout Ireland

- Ranganna oíche
- Dianchúrsaí
- Ríomhfhoghlaim
- Cúrsaí do mhúinteoirí
- Oiliúint don Earnáil Phoiblí
- Baile Átha Cliath, Corcaigh agus ar fud na hÉireann

Gaelchultúr

T: 1890 252 900
T: (01) 484 5220

www.gaelchultur.com
eolas@gaelchultur.com

Foras na Gaeilge

Gaelchultúr provides Irish language courses and learning resources of the highest quality, aimed at those with an interest in Irish worldwide. Our goal is to provide first-class services that will inspire both learners and fluent speakers of Irish to improve their knowledge of the language. Gaelchultúr offers courses throughout Ireland, taught by our network of talented teachers, and our e-learning website, ranganna.com, gives learners all over the world the opportunity to attain a higher standard of Irish. We hope that one of our courses will cater for your needs and make the learning of Irish a fun and rewarding experience.

Cuireann Gaelchultúr ar fáil cúrsaí agus acmhainní foghlama Gaeilge ar an gcaighdeán is airde, dírithe orthu siúd a bhfuil spéis acu sa teanga ar fud na cruinne. An aidhm atá againn ná seirbhísí den scoth a thairiscint d'fhoghlaimeoirí agus do chainteoirí líofa chun iad a spreagadh lena gcuid Gaeilge a fheabhsú agus a shaibhriú. Tá cúrsaí Gaeilge á reáchtáil againn timpeall na hÉireann, agus múinteoirí cumasacha ina mbun, agus cuireann ár suíomh gréasáin ríomhfhoghlama, ranganna.com, deiseanna ar fáil d'fhoghlaimeoirí ar fud na cruinne cur lena gcuid Gaeilge. Tá súil againn go ndéanfaidh ceann dár gcúrsaí freastal ar na riachtanais atá agatsa agus go mbainfidh tú taitneamh agus tairbhe as an tréimhse a chaithfidh tú i mbun foghlama linn.

Éamonn Ó Dónaill agus Darren Ó Rodaigh
Stiúrthóirí, Gaelchultúr

Gaelchultúr

Index

Why you should attend one of our courses	4
About the courses	5
Find your level	6
Registration and payment	8
Special courses	9
Online courses	10
Public Sector training	12
Siopa.ie and publications	14

Clár

Na fáthanna ar fiú cúrsa a dhéanamh linn	4
Eolas faoi na cúrsaí	5
Aimsigh do leibhéal	6
Clárúchán agus íocaíocht	8
Cúrsaí speisialta	9
Cúrsaí ar líne	10
Oiliúint don Earnáil Phoiblí	12
Siopa.ie agus foilseacháin	14

Why you should attend one of our courses

Gaelchultúr is the leading organisation in the area of Irish language teaching. We have developed detailed syllabuses for all levels, from beginners to advanced, and our teachers use **comprehensive lesson plans** and **excellent teaching resources**.

All the teachers who work for Gaelchultúr have an excellent standard of Irish and our interactive activities are designed specifically with adult learners in mind. We also conduct learner surveys during all our courses to ensure that the **highest standards** are maintained.

We offer Irish language classes for adults, students, business people, teachers and public sector employees.

We have small classes of between five and 15 students and, as **the communicative approach** is used in all of Gaelchultúr's classes, there are ample opportunities to practise the language.

What our students say about us

'I like the emphasis on spoken Irish. This makes the class enjoyable as we are trying to speak Irish and not learn Leaving Cert Irish! It made me enjoy the language and I want to learn more.' - CR

'(This course) rekindled my interest in Irish. I actually enjoyed it and can now associate a pleasant feeling with Irish.' - JMcG

Na fáthanna ar fiú cúrsa a dhéanamh linn

Is é Gaelchultúr an príomheagras teagaisc sa Ghaeilge. Tá siollabais forbartha againn do gach leibhéal, ó na bunranganna go dtí na hardranganna, agus úsáideann ár múinteoirí **pleananna ceachta cuimsitheacha** agus **acmhainní teagaisc den scoth**.

Tá caighdeán an-ard Gaeilge ag na múinteoirí a oibríonn do Ghaelchultúr agus úsáideann siad réimse gníomhaíochtaí idirghníomhacha a cuireadh le chéile go speisialta d'fhoghlaimeoirí fásta. Scaipimid ceistneoirí ar na rannpháirtithe le linn gach cúrsa chun a chinntiú go mbeidh **na caighdeáin is airde** i gceist i gcónaí.

Cuirimid cúrsaí ar fáil do dhaoine fásta, mic léinn, lucht gnó, múinteoirí agus fostaithe de chuid na hearnála poiblí.

Bíonn ranganna beaga againn ina mbíonn idir 5 agus 15 fhoghlaimeoir agus ó tharla go mbíonn **an cur chuige cumarsáideach** in úsáid i gcónaí, bíonn go leor deiseanna ann leis an nGaeilge a chleachtadh.

Nithe atá ráite ag ár mic léinn fúinn

'Tá an cur chuige an-taitneamhach. B'infheistíocht mhaith é a cúrsa seo.' - JO'D

'Bhí mé an-sásta leis an gcúrsa. D'fhoghlaim mé a lán rudaí nua agus fuair mé níos mó féinmhuiníne.' - NÓR

Irish Language Evening Classes

Gaelchultúr provides Irish language evening classes for adults three times a year.

Autumn course
September - December: 12 weeks

Spring course
February - April: 12 weeks

Summer course
May - June: 6 weeks

Each class lasts two hours and takes place one night a week. Classes are usually held between 7 p.m. and 9 p.m.

The classroom material in each of the courses is different, therefore a learner can attend all three courses at a particular level.

Teaching approach
The communicative approach to language teaching is used in all of Gaelchultúr's classes. A strong emphasis is placed on group and pair work and learners are encouraged to play an active role in the classes. The main emphasis is on speaking and listening in all classes except in Cruinnneas sa Ghaeilge. Gaelchultúr has developed comprehensive syllabuses and every class at every level follows these syllabuses.

The most suitable level for you
Gaelchultúr provides classes at various levels - see pages 6 and 7 for more details. If you are unsure which level would best suit you (if you can't decide between lower and upper intermediate, for example), please contact us and we'll be happy to help you make the decision. You can also try our **online language placement test**, available at www.gaelchultur.com.

Ranganna Gaeilge Oíche

Cuireann Gaelchultúr ar fáil ranganna Gaeilge san oíche do dhaoine fásta trí huaire sa bhliain.

Cúrsa an fhómhair
Meán Fómhair - Nollaig**:** 12 sheachtain

Cúrsa an earraigh
Feabhra - Aibreán: 12 sheachtain

Cúrsa an tsamhraidh
Bealtaine - Meitheamh: 6 seachtaine

Maireann gach rang dhá uair an chloig, agus oíche sa tseachtain a bhíonn i gceist, idir 7 p.m. agus 9 p.m. de ghnáth.

Ní hionann an t-ábhar a úsáidtear sna ranganna ó chúrsa go cúrsa, mar sin is féidir le foghlaimeoir freastal ar na trí chúrsa atá i gceist ag gach leibhéal.

Cur chuige múinteoireachta
Baintear úsáid as an gcur chuige cumarsáideach i ranganna Ghaelchultúir. Bíonn obair bheirte agus obair ghrúpa i gceist go leanúnach, rud a thugann deis do na foghlaimeoirí cleachtadh a dhéanamh ar an méid atá múinte dóibh. Bíonn an bhéim ar labhairt agus ar éisteacht na teanga den chuid is mó. Tá siollabais chuimsitheacha forbartha ag Gaelchultúr, agus leantar na siollabais seo i ngach rang ag gach leibhéal.

An leibhéal is oiriúnaí duitse
Cuireann Gaelchultúr ranganna ar fáil ag leibhéil éagsula - tá tuilleadh eolais ar leathanaigh 6 agus 7 den leabhrán seo. Mura bhfuil tú cinnte cén leibhéal is fearr a d'oirfeadh duit, téigh i dteagmháil linn agus beimid in ann comhairle a chur ort. Is féidir leat freisin triail a bhaint as **ár dtriail socrúcháin teanga ar líne** atá le fáil ag www.gaelchultur.com.

Absolute Beginners (A1)
Aimed at those with no previous knowledge of Irish. This level is not suitable for anyone who has studied Irish at school. By the end of the course participants will have learnt how to engage in simple everyday interactions and will have acquired a basic knowledge of grammar.

Elementary (A2)
Suitable for people who have attended a few beginners classes or who already have basic Irish (e.g. they can greet people, introduce themselves). As with the beginners level, the emphasis is on developing speaking and listening skills and grammar is taught in context for the most part.

Lower Intermediate (B1)
Suitable for people who studied Irish at school, who understand a great deal of the language but have had few opportunities to use it in recent years. The emphasis is on developing speaking and listening skills but students are also given a chance to read and to write the language. Grammar is taught in context, as it is required.

Upper Intermediate (B2)
Suitable for people who are comfortable speaking Irish and who use the language from time to time – in a social context, for example. Participants have an opportunity to extend their vocabulary and to learn more about Irish grammar. The topics discussed in class are more challenging than those covered at the Lower Intermediate level and there is also a greater emphasis on reading.

Bunrang 1 (A1)
Dírithe orthu siúd nach bhfuil eolas ar bith acu ar an nGaeilge. Níl an leibhéal seo oiriúnach do dhaoine a rinne staidéar ar an nGaeilge ar scoil. Faoi dheireadh an chúrsa, beidh rannpháirtithe tar éis foghlaim an chaoi le páirt a ghlacadh i gcomhráite simplí laethúla agus beidh eolas bunúsach acu ar an ngramadach.

Bunrang 2 (A2)
Oiriúnach do dhaoine a rinne cúpla cúrsa ag an mbunleibhéal cheana féin nó atá ábalta cumarsáid bhunúsach a dhéanamh (e.g., beannú do dhaoine, iad féin a chur in aithne). Bíonn an bhéim sa chúrsa seo ar fhorbairt scileanna labhartha agus éisteachta agus déantar an ghramadach a mhúineadh i gcomhthéacs den chuid is mó.

Meánrang 1 (B1)
Oiriúnach do dhaoine a rinne staidéar ar an nGaeilge ar scoil, a thuigeann go leor den teanga ach nach raibh mórán deiseanna acu í a úsáid le blianta beaga anuas. Bíonn an bhéim ar fhorbairt scileanna labhartha agus éisteachta ach bíonn deiseanna ag na foghlaimeoirí an teanga a scríobh agus a léamh ó am go chéile freisin. Múintear an ghramadach i gcomhthéacs, de réir mar a bhíonn sí ag teastáil.

Meánrang 2 (B2)
Feiliúnach do dhaoine atá breá ábalta comhrá a dhéanamh trí Ghaeilge agus a úsáideann í ó am go chéile – go sóisialta, mar shampla. Bíonn seans ag na rannpháirtithe cur lena stór focal agus lena n-eolas ar ghramadach na teanga. Déantar plé ar thopaicí níos casta ná na cinn a bhíonn i gceist i Meánrang 1 agus bíonn níos mó béime ar an léitheoireacht ná mar a bhíonn sa leibhéal níos ísle sin.

Advanced 1 (C1)
Aimed at those who have a reasonable fluency in Irish but who have little experience of discussing more challenging topics (current affairs and technology, for example). Participants have an opportunity to add to their vocabulary and range of idiomatic expressions and to improve their grammar. A wide range of topics is discussed in the classes.

Advanced 2 (C2)
Advanced 2 is suitable for those who already have a good knowledge of Irish but who wish to discuss a wide range of topics and to read and write the language on a regular basis. Participants have an opportunity to learn useful idiomatic and colloquial expressions and to add to their knowledge of grammar.

Accuracy in Irish 1
Aimed at those who have a very good standard of spoken Irish but whose knowledge of grammar is quite limited. There is a focus in class on basic grammatical concepts and on developing participants' reading and writing skills. Authentic material (e.g. newspaper and magazine articles) is used and there is a wide range of activities in the class. Suitable for those who work through the medium of Irish, e.g. civil servants and teachers.

Accuracy in Irish 2
Builds on what is taught in Accuracy in Irish 1. There is a focus on more complex aspects of grammar in this higher level class and classroom activities are more challenging. Problems that regularly emerge during translation and in writing more complex texts are dealt with. Translators, journalists and native speakers, amongst others, will find these classes useful.

Ardrang 1 (C1)
Dírithe ar dhaoine a bhfuil Gaeilge réasúnta líofa acu ach nach bhfuil an oiread sin taithí acu ar a bheith ag labhairt faoi thopaicí dúshlánacha (cúrsaí reatha agus cúrsaí teicneolaíochta, cuir i gcás). Bíonn seans ag na rannpháirtithe saibhriú a dhéanamh ar a gcuid Gaeilge, leibhéal níos airde cruinnis a bhaint amach agus roinnt mhaith léitheoireachta agus éisteachta a dhéanamh.

Ardrang 2 (C2)
Tá Ardrang 2 oiriúnach dóibh siúd a bhfuil líofacht mhaith acu sa Ghaeilge agus ar mian leo deis a fháil ar dhíriú ar réimse leathan topaicí, agus a bheith ag scríobh agus ag léamh na teanga ar bhonn rialta. Tá béim sa leibhéal seo chomh maith ar shaibhriú na Gaeilge agus ar chruinneas na gramadaí.

Cruinneas sa Ghaeilge 1
Dírithe orthu siúd a bhfuil Gaeilge labhartha an-mhaith acu ach nach bhfuil ró-eolach ar ghramadach na teanga. Dírítear ar bhunchoincheapa de chuid na gramadaí agus ar fhorbairt scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta na rannpháirtithe. Baintear úsáid as ábhar dílis (e.g. ailt as irisí agus nuachtáin) agus bíonn réimse leathan gníomhaíochtaí i gceist. An-oiriúnach dóibh siúd atá ag obair trí mheán na Gaeilge, e.g. státseirbhísigh agus múinteoirí.

Cruinneas sa Ghaeilge 2
Dírítear ar ghnéithe níos casta den ghramadach sa rang seo ná mar a dhéantar i gCruinneas 1 agus bíonn ceachtanna níos dúshlánaí i gceist sa seomra ranga. Tugtar aghaidh ar na fadhbanna a thagann chun cinn go rialta san aistriúchán agus i scríobh na teanga ag leibhéal an-ard. Bainfidh aistritheoirí, iriseoirí agus cainteoirí dúchais, i measc daoine eile, tairbhe as na ranganna seo.

Registering for a course
It is necessary to register for a course in advance. You can register online at www.gaelchultur.com or call us on (01) 484 5220 / 1890 252 900.

Fees

12-week course	€240
6-week course	€120

Gaelchultúr provides a range courses (e.g. one-day and intensive courses) throughout the year. Please check our website for further details.

Payment
Payment can be made in cash, by cheque, postal order, Visa, Mastercard or Laser. If your employers are paying for the course, please mention this when booking and we will send an invoice to them. Payment must be received in full before the course commences.

Refunds
Course fees can be refunded in full up to a week before a course commences.

Locations
Gaelchultúr provides Irish language classes in Dublin, Cork and throughout Ireland. Visit www.gaelchultur.com to find out which venue is closest to you.

Office hours
Gaelchultúr's offices in Temple Bar, Dublin, are open from 9.30 a.m. to 5.30 p.m., Monday to Friday.

Clárú do chúrsa
Ní mór duit clárú do chúrsa roimh ré. Is féidir clárú ar líne ag www.gaelchultur.com nó glaoch orainn ag (01) 484 5220 / 1890 252 900.

Táillí

Cúrsa 12 sheachtain	€240
Cúrsa 6 seachtaine	€120

Cuireann Gaelchultúr réimse cúrsaí ar fáil i rith na bliana (cúrsaí lae agus dianchúrsaí, cuir i gcás). Tá tuilleadh eolais le fáil ar ár suíomh gréasáin.

Íocaíocht
Is féidir íocaíocht a dhéanamh le hairgead tirim, seic, ordú poist, Visa, Mastercard nó Laser. Má tá d'fhostóirí ag íoc na táille, luaigh é sin agus an cúrsa á chur in áirithe agat agus seolfaimid sonrasc chucu. Ní mór an táille iomlán a íoc roimh thús an chúrsa.

Aisíocaíochtaí
Is féidir táille cúrsa a aisíoc ina hiomláine suas go seachtain roimh thús an chúrsa.

Ionaid
Cuireann Gaelchultúr ranganna ar fáil i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus ar fud na hÉireann. Tabhair cuairt ar www.gaelchultur.com chun an t-ionad is cóngaraí duitse a aimsiú.

Uaireanta oifige
Bíonn oifigí Ghaelchultúir i mBarra an Teampaill i mBaile Átha Cliath ar oscailt ó 9.30 a.m. go 5.30 p.m., Dé Luain go dtí Dé hAoine.

Intensive Preparatory Course for the Irish language Interview for the Higher Diploma in Education (Primary)
This course focuses on the main topics of conversation that arise in the interview and participants are given the opportunity to improve their speaking skills, add to their vocabulary and participate in a mock interview. This course takes place throughout the year; details available at www.gaelchultur.com.

Dianchúrsa Ullmhúcháin d'Agallamh Gaeilge an Ardteastais san Oideachas (Bunmhúinteoireacht)
Dírítear ar na príomhábhair chainte a bhíonn i gceist san agallamh agus tugtar deis do na rannpháirtithe a gcuid scileanna cainte a fhorbairt, cur lena stór focal agus bréagagallamh a dhéanamh. Bíonn an cúrsa seo ar siúl i rith na bliana; tá tuilleadh sonraí ar fáil ag www.gaelchultur.com.

Leaving Cert Irish Oral Preparatory Course
This course focuses on the topics that arise in the oral exam and helps students to improve their spoken Irish in a friendly, helpful environment. Students are also given a chance to develop their vocabulary and grammar skills, and they benefit greatly from having the opportunity to undertake a mock oral. This course is offered in February and March each year throughout Ireland. See www.oralirish.ie for further details.

Dianchúrsa Ullmhúcháin do Bhéaltriail na hArdteiste
Dírítear sa chúrsa seo ar na hábhair chainte a thagann chun cinn sa bhéaltriail agus bíonn deis ag na daltaí feabhas a chur ar a gcuid scileanna cainte i seomra ranga ina mbíonn atmaisféar cairdiúil, fóinteach. Cuireann daltaí lena stór focal agus lena n-eolas ar an ngramadach, agus bíonn deis acu tabhairt faoi bhéaltriail bhréige. Bíonn an cúrsa seo ar siúl i mí Feabhra agus i mí an Mhárta gach bliain, timpeall na tíre. Tuilleadh eolais: www.oralirish.ie

ranganna.com
LEARN IRISH ONLINE

Online courses
Gaelchultúr has developed online courses which enable you to learn Irish from the comfort of your home or office and in your own time. These courses are based on Gaelchultúr's syllabuses and are designed to be enjoyable, challenging and rewarding.

What you can expect
- Entertaining exercises that give you the confidence to use the language
- Instant feedback on your progress
- Useful vocabulary and phrases
- Short and fun grammar lessons
- Audio and video (certain courses)
- Excellent customer support

Cúrsaí ar líne
Tá cúrsaí ar líne forbartha ag Gaelchultúr a thugann an deis duit Gaeilge a fhoghlaim sa bhaile nó san oifig i d'am féin. Tá na cúrsaí seo bunaithe ar shiollabais Ghaelchultúir agus tá siad spraíúil, dúshlánach agus tairbheach.

Na nithe atá i gceist
- Cleachtaí taitneamhacha a thugann an mhuinín duit leis an teanga a úsáid
- Aiseolas láithreach faoi dhul chun cinn
- Stór focal agus frásaí úsáideacha
- Ceachtaí gramadaí atá gearr & spraíúil
- Fuaim agus fís (cúrsaí áirithe)
- Tacaíocht do chustaiméirí atá ar fheabhas

ranganna.com

Accuracy in Irish
Accuracy in Irish is suitable for fluent speakers of Irish who wish to improve their grammar and to learn useful idiomatic and colloquial expressions.

Irish the Easy Way! - Lower Intermediate
This course is aimed at those who studied Irish at school, who understand a good deal of the language but have had little opportunity to use it in recent years.

Accuracy in Irish for Primary School Teachers
This course is suitable for primary school teachers who have a reasonably good standard of Irish but who wish to improve their grammar.

IT and the Irish Language for Primary School Teachers
This course is aimed at primary school teachers who would like to use technological resources to teach Irish and to improve their own Irish and that of their pupils.

Other courses:
• Intensive Preparatory Course for the Irish language Interview for the Higher Diploma in Education (Primary)
• Intensive Preparatory Course for the Leaving Cert Irish Oral Exam
• Legal Terminology in Irish

Cruinneas sa Ghaeilge
Tá an cúrsa seo feiliúnach dóibh siúd a bhfuil caighdeán maith Gaeilge labhartha acu ach a dteastaíonn uathu feabhas a chur ar a gcuid gramadaí agus cur lena saibhreas sa teanga.

Gaeilge gan Stró! - Meánleibhéal 1
Tá an cúrsa seo oiriúnach do dhaoine a rinne staidéar ar an nGaeilge ar scoil, a thuigeann go leor den teanga ach nach raibh mórán deiseanna acu í a úsáid le blianta beaga anuas.

Cruinneas sa Ghaeilge do Mhúinteoirí Bunscoile
Tá an cúrsa seo dírithe ar mhúinteoirí bunscoile a bhfuil caighdeán réasúnta maith bainte amach acu sa Ghaeilge, ach ar mian leo feabhas a chur ar a gcuid gramadaí.

Teicneolaíocht an Eolais agus an Ghaeilge do Mhúinteoirí Bunscoile
Is cúrsa é seo do mhúinteoirí bunscoile a dteastaíonn uathu leas a bhaint as áiseanna teicneolaíochta chun an Ghaeilge a mhúineadh agus chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge féin agus Gaeilge a ndaltaí.

Cúrsaí eile
• Dianchúrsa Ullmhúcháin d'Agallamh Gaeilge an Ardteastais san Oideachas (Bunmhúinteoireacht)
• Dianchúrsa Ullmhúcháin do Bhéaltriail na hArdteistiméireachta
• Téarmaíocht Dhlíthiúil na Gaeilge

Public Sector training

Since 2005, Gaelchultúr has been providing specialised Irish language training to state bodies covered by the Official Languages Act 2003. Most of the company's training is aimed at front-line staff who are in regular contact with the public and the aim of the courses is to enable those staff members to provide customer service through Irish. We have also developed courses for staff members who need to reach a high level of competency in Irish to enable them to work through the language.

The company's approach to course development

When a government body contacts us regarding in-house Irish language training, we immediately meet with that organisation in order to ascertain what its needs are.

We then conduct a short interview with those who have expressed an interest in attending an Irish language training course. The aims of this interview are:

- to assess the linguistic competency of the potential trainees;
- to give them more information regarding our approach to teaching and the type of material and activities we use;
- to deal with any apprehension on their part regarding the course and to answer any questions they may have.

When all the interviews have been conducted, Gaelchultúr draws up a document containing the following information:

- the level of competency in Irish of the staff members interviewed;
- recommendations regarding learner groups.

When the preliminary work above has been completed, the process of syllabus and materials design then begins.

Oiliúint don Earnáil Phoiblí

Ó bhí 2005 ann, tá Gaelchultúr ag cur ar fáil sainchúrsaí Gaeilge i gcomhlachtaí de chuid na hearnála poiblí chun cabhrú leo a gcuid dualgas maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh. Bíonn formhór na gcúrsaí seo dírithe ar na baill foirne sin a mbíonn teagmháil rialta acu leis an bpobal agus bíonn sé mar aidhm acu cur ar a gcumas seirbhís do chustaiméirí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge. Tá cúrsaí curtha le chéile againn chomh maith d'fhostaithe ar gá dóibh caighdeán ard Gaeilge a bhaint amach chun cur ar a gcumas a gcuid oibre a dhéanamh sa teanga sin.

Cur chuige an chomhlachta maidir le forbairt cúrsaí

Nuair a dhéanann comhlacht stáit teagmháil linn ar mian leis cúrsa intí Gaeilge a reáchtáil, téimid chun cainte láithreach leis an eagraíocht sin chun eolas níos cruinne a fháil maidir leis na riachtanais traenála atá aici.

Cuirimid agallamh gearr ansin ar na fostaithe a bhfuil suim léirithe acu freastal ar chúrsa oiliúna Gaeilge. Bíonn roinnt aidhmeanna leis an agallamh seo:

- cumas Gaeilge na n-oiliúnaithe a mheas;
- níos mó eolais a thabhairt dóibh maidir leis an gcur chuige sa seomra ranga agus ábhar agus gníomhaíochtaí an chúrsa;
- iad a chur ar a suaimhneas maidir leis an gcúrsa agus aon cheisteanna a bhíonn acu a fhreagairt.

Nuair a bhíonn na hagallaimh déanta, cuireann Gaelchultúr cáipéis le chéile ina dtugtar an t-eolas seo a leanas:

- an leibhéal cumais sa Ghaeilge atá ag na fostaithe ar cuireadh agallamh orthu;
- moltaí maidir le grúpaí foghlaimeoirí.

Nuair a bhíonn an réamhobair seo curtha i gcrích, tosaítear ansin ar fhorbairt shiollabas agus acmhainní an chúrsa.

Technology and the Irish Language
The aim of this practical one-day course is to provide participants with the information that will enable them:
• to work through Irish without difficulty on their computer at home or in the office;
• to read Irish with ease;
• to write more accurately in Irish;
• to make effective use of the software and the wide range of online facilities now available

Language Awareness Training
Gaelchultúr's Language Awareness Training is aimed at front-line staff in the public sector who deal with the public on a regular basis. This one-day course seeks to raise a number of pertinent issues relating to the Irish language and to address any concerns in relation to the language that staff might have.

Public Sector Online Training
Gaelchultúr provides online courses for the public sector through our e-learning site, ranganna.com. These include Accuracy in Irish and Irish the Easy Way! - Lower Intermediate. Staff can learn Irish at their own pace and at a time that suits them.

An Teicneolaíocht agus an Ghaeilge
Tá sé mar aidhm ag an gcúrsa praiticiúil lae seo eolas a chur ar fáil do na rannpháirtithe a chuirfidh ar a gcumas:
• obair a dhéanamh gan dua ar a ríomhaire sa bhaile nó san oifig;
• an Ghaeilge a léamh gan deacracht;
• Gaeilge chruinn a scríobh;
• úsáid éifeachtach a bhaint as na bogearraí agus as an réimse leathan áiseanna Gaeilge atá ar fáil ar líne anois

Oiliúint Feasachta Teanga
Tá Oiliúint Feasachta Teanga Ghaelchultúir dírithe ar an bhfoireann tosaigh san earnáil phoiblí a bhíonn ag déileáil leis an bpobal ar bhonn rialta. Féachann an cúrsa lae seo le roinnt ceisteanna tábhachtacha a bhaineann leis an nGaeilge a ardú agus dul i ngleic le haon ábhair bhuartha maidir leis an teanga a bhíonn ag baill foirne.

Oiliúint ar Líne don Earnáil Phoiblí
Cuireann Gaelchultúr ar fáil cúrsaí ar líne don earnáil phoiblí trínár suíomh ríomhfhoghlama, ranganna.com. I measc na gcúrsaí sin tá Cruinneas sa Ghaeilge agus Gaeilge gan Stró! - Meánleibhéal 1. Is féidir le baill foirne Gaeilge a fhoghlaim ag a luas féin, aon am is mian leo.

Gramadach gan Stró! (€20)
Gramadach gan Stró! by Éamonn Ó Dónaill is aimed at those who already have a reasonable standard of spoken Irish but who wish to improve their grammar. It is suitable for those who don't usually understand grammar books and who find complicated rules confusing.

Gramadach gan Stró! (€20)
Tá *Gramadach gan Stró!* dírithe ar dhaoine a bhfuil caighdeán réasúnta maith bainte amach acu sa Ghaeilge labhartha cheana féin ach ar mian leo feabhas a chur ar a gcuid gramadaí. Tá sé oiriúnach dóibh siúd nach dtuigeann leabhair ghramadaí de ghnáth agus a gcuireann rialacha casta mearbhall orthu.

Siopa.ie
Gaelchultúr's online shop, Siopa.ie, offers a range of products relating to the Irish language and culture.

Siopa.ie
Tá réimse earraí ag baint leis an nGaeilge agus leis an gcultúr Gaelach ar díol ar Siopa.ie, siopa ar líne Ghaelchultúir.

Bain Triail As! **(€20)**
Bain Triail As!, a new DVD from Comhar na Múinteoirí Gaeilge (www.comhar.ie), is aimed at students who will be undertaking the Leaving Certificate Irish Oral exam.

Bain Triail As! **(€20)**
Tá an DVD seo ó Chomhar na Múinteoirí Gaeilge (www.comhar.ie) dírithe ar dhaltaí a bheidh ag tabhairt faoi bhéaltriail Ghaeilge na hArdteiste.

Príomhoifig Ghaelchultúir, Foirgneamh Filmbase
Gaelchultúr's Main Office, Filmbase Building



Gaelchultúr
Foirgneamh Filmbase
An Chuarshráid
Barra an Teampaill
Baile Átha Cliath 2
(01) 484 5220
1890 252 900

eolas@gaelchultur.com
www.gaelchultur.com

Gaelchultúr